Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 20 Deireadh Fómhair 2023**
**(OR. en)**

**14466/23**

**PECHE 466**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 19 Deireadh Fómhair 2023 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2023) 597 final |
| Ábhar: | TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE maidir le cur chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 762/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Iúil 2008 maidir le tíolacadh staidrimh i ndáil le dobharshaothrú ag Ballstáit agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) 788/96 ón gComhairle; |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2023) 597 final.

---

Faoi iamh: COM(2023) 597 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 19.10.2023
COM(2023) 597 final

**TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE**

**maidir le cur chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 762/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Iúil 2008 maidir le tíolacadh staidrimh i ndáil le dobharshaothrú ag Ballstáit agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) 788/96 ón gComhairle;**

# 1 CÚLRA

Bailíonn an Coimisiún Eorpach (Eurostat) staidreamh maidir le dobharshaothrú faoi Rialachán (CE) Uimh. 762/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1]. Luaitear in Airteagal 11 den Rialachán nach mór don Choimisiún tuarascáil a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle gach 3 bliana maidir le cáilíocht agus ábharthacht an staidrimh a tiomsaíodh. Ní mór anailís a dhéanamh sa tuarascáil freisin ar costéifeachtacht an chórais bailithe sonraí agus dea-chleachtais a chur i dtábhacht, dea-chleachtais a d'fhéadfadh an t-ualach oibre ar na Ballstáit a laghdú agus sonraí níos úsáidí agus ar chaighdeán níos airde a bheith mar thoradh orthu.

Tá feidhm ag an Rialachán maidir leis na Ballstáit agus maidir leis an Iorua, an Íoslainn agus Lichtinstéin (ábharthacht LEE). Níl táirgeadh dobharshaothraithe tráchtála ag Lucsamburg ná Lichtinstéin agus, dá bhrí sin, tá siad díolmhaithe ón oibleagáid sonraí a thuairisciú. Déanann tíortha is iarrthóirí staidreamh a tháirgeadh agus tuarascálacha cáilíochta a thíolacadh freisin (sheol gach tír is iarrthóir sonraí agus tuarascálacha cáilíochta le haghaidh na bliana tagartha 2021).

Tá an tuarascáil seo bunaithe go príomha ar na tuarascálacha cáilíochta maidir le dobharshaothrú arna dtíolacadh ag na tíortha tuairiscithe thuasluaite. Rinne Eurostat anailís freisin ar shonraí dobharshaothraithe 2019-2020. Chuir an Córas Staidrimh Eorpach faisnéis ar fáil maidir leis na costais iomlána a bhain leis na sonraí a bhailiú. Mar thoradh air sin, déantar measúnú sa tuarascáil seo ar thráthúlacht, iomláine, comhsheasmhacht, ábharthacht, inrochtaineacht, agus soiléireacht fhoriomlán na sonraí. Breathnaítear inti freisin ar ualach agus ar chostéifeachtacht an phróisis bailithe sonraí.

Ghlac an Coimisiún na tuarascálacha meastóireachta roimhe seo maidir le staidreamh dobharshaothraithe a tíolacadh faoi Rialachán (CE) Uimh. 762/2008 i mí an Mheithimh 2015[2] (le haghaidh shonraí 2011-2013), i mí na Nollag 2017[3] (le haghaidh shonraí 2014-2015) agus i mí na Nollag 2020[4] (le haghaidh shonraí 2016-2018). Cumhdaítear sa tuarascáil seo na sonraí le haghaidh 2019-2020, tuarascálacha cáilíochta le haghaidh 2021, agus costais dhearbhaithe le haghaidh 2022.

---

1 Rialachán (CE) Uimh. 762/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Iúil 2008 maidir le tíolacadh staidrimh i ndáil le dobharshaothrú ag Ballstáit agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 788/96 ón gComhairle (IO L 218, 13.8.2008, lch. 1).

2 Tuarascáil ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle maidir le cur chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 762/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Iúil 2008 maidir le tíolacadh staidrimh i ndáil le dobharshaothrú ag Ballstáit agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 788/96 ón gComhairle; COM(2015) 297 final.

3 Tuarascáil ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle maidir le cur chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 762/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Iúil 2008 maidir le tíolacadh staidrimh i ndáil le dobharshaothrú ag Ballstáit agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) 788/96 ón gComhairle; COM(2017) 747 final.

4 Tuarascáil ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle maidir le cur chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 762/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Iúil 2008 maidir le tíolacadh staidrimh i ndáil le dobharshaothrú ag Ballstáit agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) 788/96 ón gComhairle; COM(2020) 809 final.

## 2 NA PRÍOMHTHORTHAÍ

Déanann Eurostat a dhícheall feabhas a chur ar cháilíocht agus infhaighteacht an staidrimh Eorpaigh go leanúnach. Tá sé tiomanta freisin an t-ualach a laghdú ar na Ballstáit agus ar fhreagróirí maidir le staidreamh a tháirgeadh.

Bailíonn Eurostat tuarascálacha cáilíochta bliantúla maidir le staidreamh dobharshaothraithe. Déantar cur síos sna tuarascálacha cáilíochta sin ar mhodhanna agus ar ghnéithe cáilíochta bailithe sonraí ar bhonn féinmheasúnuithe ag na tíortha. D'úsáid Eurostat na tuarascálacha cáilíochta náisiúnta chun tuarascáil cháilíochta a thiomsú ar leibhéal an Aontais[5]. Tá an caighdeán foriomlán go maith, ós rud é go leanann formhór na dtíortha cur chuige daonáirimh, rud a fhágann nach ann do neamhfhreagairtí nó go bhfuil siad neamhshuntasach.

Tá córas bainistithe cáilíochta i bhfeidhm i níos mó ná leath de na tíortha. Tá feabhas tagtha ar cháilíocht fhoriomlán staidrimh dobharshaothraithe i 7 dtír ó rinneadh an tuairisciú go deireanach. Díríodh formhór na bhfeabhsuithe ar thráthúlacht (11 tír), agus ina dhiaidh sin ar chruinneas agus ar iontaofacht (8 dtír). Tháinig feabhas ar an ábharthacht i 4 thír, ar an inchomparáideacht i 3 thír, agus ar an gcomhleanúnachas in 2 thír.

### 2.1 An tráthúlacht agus an phoncúlacht

Chomhlíon formhór na mBallstát na sprioc-amanna maidir le tíolacadh sonraí le blianta beaga anuas. Cuireadh an measúnú ar chomhlíonadh maidir le staidreamh dobharshaothraithe le haghaidh na mblianta tagartha 2019 agus 2020 i gcomparáid le measúnú na mblianta roimhe sin. I gcomparáid leis an mbailiú sonraí le haghaidh na bliana tagartha 2018, tháinig feabhas beag ar leibhéal na poncúlachta in 2019 agus 2020. Mar sin féin, seachadann roinnt tíortha fós tuarascálacha cáilíochta tar éis an sprioc-ama.

Nuair a shainaithin Eurostat neamhréireachtaí, iarradh ar thíortha tuairiscithe na sonraí a sheiceáil agus athbhreithnithe ceartaithe a thíolacadh. Seoladh aiseolas agus athbhreithnithe den chuid is mó laistigh de thréimhse ama iomchuí. Ní raibh roinnt meabhrúchán ag teastáil ach i roinnt cásanna. Ó thaobh na hinfhaighteachta de, tá líon na dtacar sonraí atá ar iarraidh sách cobhsaí. Tá sé tábhachtach freisin a chur i dtábhacht go ndearna na tíortha tuairiscithe agus Eurostat iarrachtaí móra chun tuilleadh feabhais a chur ar cháilíocht na sonraí.

### 2.2 An comhleanúnachas agus an inchomparáideacht

#### *2.2.1 An Comhleanúnachas*

Tá an staidreamh maidir le táirgeadh dobharshaothraithe bunaithe ar choincheapa agus ar shainmhínithe arna leagan síos ag an Meitheal Comhordaithe um Staidreamh Iascaigh agus, dá bhrí sin, tá siad comhleanúnach leis an staidreamh arna tháirgeadh ag Eagraíocht Bhia agus Talmhaíochta na Náisiún Aontaithe agus le staidreamh idirnáisiúnta dobharshaothraithe eile araon.

#### *2.2.2 An Inchomparáideacht*

I mí Dheireadh Fómhair 2018, d'fhoilsigh Eurostat lámhleabhar le haghaidh staidreamh dobharshaothraithe[6], rud a chuir tuilleadh feabhais ar chomhsheasmhacht na sonraí idir tíortha, agus a chuir feabhas ar an inchomparáideacht dá bhrí sin. Tá Eurostat ag breithniú an bhféadfaí an lámhleabhar a thabhairt cothrom le dáta a thuilleadh ach ní mór dó cóimheas costais/sochair na

[5] https://ec.europa.eu/eurostat/cache/metadata/EN/fish_aq_esqrs.htm. Ar fáil i mBéarla agus sin amháin.

[6] https://ec.europa.eu/eurostat/cache/metadata/Annexes/fish_aq_esms_an2.pdf. Ar fáil i mBéarla agus sin amháin.

gníomhaíochta sin a mheas go cúramach toisc gur dócha go mbeidh athdhréachtú iomlán an lámhleabhair ag teastáil mar gheall ar an reachtaíocht nua.

Ní hionann fad na n-amshraitheanna - ná, dá bhrí sin, an inchomparáideacht thar thréimhse ama - idir na tíortha. Maidir leis an inchomparáideacht gheografach, i gcás roinnt tíortha, téann na hamshraitheanna siar go 1970, cé nár thosaigh tíortha eile go dtí 2011. Mar sin féin, i gcás na tréimhse a chumhdaítear leis an tuarascáil, tá sonraí inchomparáide le himeacht ama.

Bhí imní mhór ann faoi inchomparáideacht na sonraí sa tacar sonraí maidir le struchtúr na hearnála dobharshaothraithe, ós rud é gur dromchlaí agus méideanna araon iad na haonaid tomhais ag brath ar an gcineál speicis. Mar gheall air sin, cuireann an tacar sonraí faisnéis dhébhríoch ar fáil d'úsáideoirí, go háirithe nuair a dhéantar comparáid idir sonraí ó thíortha a chothaíonn speicis éagsúla.

Tá sé beartaithe ag Eurostat teacht ar réiteach inmharthana ar an tsaincheist sin sa rialachán atá beartaithe amach anseo (féach Caibidil 4).

## 2.3 Ábharthacht

### *2.3.1 Riachtanais an úsáideora*

Baineann úsáideoirí éagsúla sonraí úsáid fhorleathan as staidreamh dobharshaothraithe. Tá siad mar bhonn le bailiú sonraí eile[7], agus go háirithe le sonraí maidir le dobharshaothrú fionnuisce, i gcás nach mbailítear agus nach bhfoilsítear aon tacar sonraí eile ar leibhéal an Aontais.

Tá na sonraí a bhailítear faoi Rialachán (CE) Uimh. 762/2008 fíor-riachtanach chun beartais eolasacha atá bunaithe ar fhianaise a cheapadh ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais araon. Tá na sonraí maidir le leibhéil agus treochtaí táirgeachta tábhachtach chun anailís a dhéanamh ar fhorbairt na hearnála dobharshaothraithe mar chuid den chomhbheartas iascaigh. Tá sonraí cainníochtúla lárnach i múnlú phleananna náisiúnta ilbhliantúla na mBallstát don dobharshaothrú inbhuanaithe. Cuireann siad bonn láidir faoi lucht ceaptha beartais agus lucht tionscail chun todhchaí na hearnála a fhorbairt. Thairis sin, is foinse thábhachtach iad na sonraí d'fhoilseacháin agus do sheirbhísí eagraíochtaí eile. Mar shampla, úsáideann Faireachlann an Mhargaidh Eorpaigh um Iascach agus um Tháirgí Dobharshaothraithe an staidreamh Eorpach ar dhobharshaothrú chun a hanailís struchtúrach ar thionscal iascaigh agus dobharshaothraithe na hEorpa a thiomsú. Baineann an Eagraíocht Dhomhanda Trádála úsáid freisin as an staidreamh Eorpach ar dhobharshaothrú chun athbhreithniú a dhéanamh ar a beartas trádála.

San aiseolas a bhfuarthas, dhearbhaigh beagnach gach Ballstát go bhfuil gá le sonraí táirgthe dobharshaothraithe ar an leibhéal náisiúnta. Tá sé ráite ag formhór na mBallstát gur comhlíonadh na riachtanais sonraí náisiúnta ina n-iomláine nó beagnach ina n-iomláine leis na sonraí a bailíodh faoin Rialachán. Mar sin féin, ní chumhdaítear le Rialachán (CE) Uimh. 762/2008 sonraí tábhachtacha maidir le hionchur miocralga, beatha agus ógánach, ná maidir le cinn scríbe táirgí. I gcodarsnacht leis sin, thagair roinnt Ballstát don bhailiú sonraí mar bhailiú atá ró-mhionsonraithe agus ródhian i gcomhair riachtanais náisiúnta. D'ainneoin ábharthacht staidrimh dobharshaothraithe, deimhníodh leis an meastóireacht ar staidreamh iascaigh go bhfuil leibhéal níos airde míshástachta ann i measc úsáideoirí ós rud é nach bhfuil sonraí ar fáil mar gheall ar rúndacht sonraí.

[7] Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 2019/909 ón gCoimisiún an 18 Feabhra 2019 lena mbunaítear an liosta suirbhéanna taighde éigeantacha agus tairseach chun críocha an chláir ilbhliantúil Aontais maidir le bailiú agus bainistiú sonraí in earnáil an iascaigh agus in earnáil na dobharshaothraithe (IO L 145, 4.6.2019, lch. 21).

### 2.3.2 Iomláine

Bhí an príomhthacar sonraí dobharshaothraithe (táirgeadh ó dhobharshaothrú) réasúnta iomlán. Tá sé tar éis éirí níos iomláine le himeacht ama. Ar an drochuair, tá go leor luachanna fós faoi rún, ós rud é go bhfuil an earnáil an-speisialaithe.

Bailítear an tacar sonraí maidir le struchtúr na hearnála dobharshaothraithe gach 3 bliana, ach baineann saincheisteanna inchomparáideachta leis (féach Caibidil 2.2.2 thuas). Ar an gcúis sin, níor foilsíodh an tacar sonraí go fóill.

Go ginearálta, bhí deacrachtaí ag baint le praghsanna aonaid do na tacair sonraí uile maidir le táirgeadh dobharshaothraithe. Baineann sé sin go príomha le luachanna rúndachta agus leis na modheolaíochtaí éagsúla a chuireann na tíortha tuairiscithe i bhfeidhm, tíortha a thuairiscíonn luachanna measta go minic.

## 2.4 Inrochtaineacht agus soiléireacht

### 2.4.1 Bunachar sonraí ar líne

Soláthraíonn bunachar sonraí poiblí Eurostat[8] an staidreamh Eorpach maidir le dobharshaothrú leis na tacair sonraí seo a leanas:

- táirgeadh ó dhobharshaothrú seachas gorlanna agus iasclanna (iasc_aq2a);
- táirgeadh uibheacha éisc lena gcaitheamh ag an duine ón dobharshaothrú (iasc_aq2b);
- ionchur don dobharshaothrú gabháil-bhunaithe (iasc_aq3);
- táirgeadh gorlann agus iasclann ag céim na n-uibheacha sa tsaolré (iasc_aq4ú);
- táirgeadh gorlann agus iasclann ag céim na n-ógánach sa tsaolré (iasc_aq4b).

Thairis sin, foilsíonn leath de na Ballstáit na sonraí i mbunachair sonraí náisiúnta ar líne nó mar thráblaí bliantúla in-íoslódáilte. Bíonn rochtain ar na táirgí sin saor in aisce i gcónaí.

### 2.4.2 Foilseacháin agus táblaí sonraí

Foilsíonn Eurostat sonraí agus ailt maidir leis an dobharshaothrú ina bhailiúchán ar líne 'Míniú ar Staidreamh' agus i leabhair staidrimh[9].

Foilsíonn formhór na mBallstát staidreamh dobharshaothraithe go rialta i dtuarascálacha éagsúla, in éineacht le preaseisiúintí i gcásanna áirithe.

### 2.4.3 Meiteashonraí

Bailíonn Eurostat tuarascálacha cáilíochta náisiúnta gach bliain, mar a cheanglaítear faoi Iarscríbhinn 6 a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 762/2008. Tá faisnéis mhionsonraithe sna tuarascálacha sin faoi cháilíocht na sonraí agus faoi na modhanna a úsáideadh chun na sonraí a bhailiú.

Foilsítear na meiteashonraí tagartha Eorpacha, lena n-áirítear tuarascáil cháilíochta ar staidreamh dobharshaothraithe ar leibhéal an Aontais[10], ar bhunachar sonraí poiblí Eurostat ina bhfuil na táblaí sonraí a liostaítear thuas. Déanann tíortha athbhreithniú ar na meiteashonraí gach bliain.

---

8 http://ec.europa.eu/eurostat/data/database.

9 Is é an ceann is déanaí '*Key figures on the European food chain - 2022 edition* [Príomhfhigiúirí ar bhiashlabhra na hEorpa — eagrán 2022]' ISBN 978-92-76- 59661-5. https://ec.europa.eu/eurostat/documents/15216629/15559935/KS-FK-22-001-EN-N.pdf/1cb9d295-6868-70e3-0319-4725040cfdb8?version=3.0&t=1670599965263. Ar fáil i mBéarla agus sin amháin.

10 https://ec.europa.eu/eurostat/cache/metadata/EN/fish_aq_esqrs.htm

## 2.5 Rúndacht sonraí

Is easnamh mór ar staidreamh dobharshaothraithe arna bhailiú faoi Rialachán (CE) Uimh. 762/2008 é líon ard na gceall sonraí rúnda. Tá trí phríomhchúis leis sin. Ar an gcéad dul síos, éilíonn an Rialachán struchtúr mionsonraithe, rud a chruthaíonn sonraí ilroinnte. Ar an dara dul síos, tá an earnáil dobharshaothraithe an-speisialaithe, ós rud é go bhfuil cuideachtaí a fhásann líon an-bheag speiceas le modh príomha táirgthe nó timpeallacht phríomha táirgthe amháin. Ar an tríú dul síos, cuireann Eurostat riail dhian i bhfeidhm maidir le rúndacht a iomadú agus comhiomláin á ríomh (bíonn comhiomlán faoi rún má bhíonn luach amháin ann, ar a laghad, faoi rún). Chuir tíortha tuairiscithe in iúl go gcosnaíonn an cur chuige sin rúndacht ach go gcuireann sé teorainn rómhór le foilsiú sonraí (go háirithe i gcás comhiomlán).

Chuir Eurostat roinnt sásraí sonracha i bhfeidhm chun iarracht a dhéanamh tionchar rúndachta na gcomhiomlán a theorannú (e.g. trína iarraidh ar thíortha tuairiscithe comhiomláin uasta neamhrúnda a dhearbhú nuair nach nochtar sonraí rúnda leis sin). Leis sin, bhíothas in ann na comhiomláin náisiúnta uile agus iomlán an Aontais (na blianta tagartha 2019 agus 2020) a fhoilsiú le haghaidh fhormhór na dtacar sonraí gan ‘Ionchur le dobharshaothrú gabháil-bhunaithe’ agus ‘Táirgeadh gorlann agus iasclann ag céim na n-ógánach sa tsaolré’ (le haghaidh na bliana tagartha 2020) a chur san áireamh.

Is fiú a thabhairt faoi deara go bhfuil comhiomláin an Aontais a bhaineann le ‘Táirgeadh uibheacha éisc lena gcaitheamh ag an duine ón dobharshaothrú’ faoi rún le haghaidh 2013, 2015, 2017 agus 2018 (bhí gá le hiarracht mhór chun comhiomláin an Aontais a fhoilsiú ó bhí 2019 ann), agus go bhfuil sonraí rúnda tíre aonair ag cur cosc ar chomhiomláin an Aontais a fhoilsiú le haghaidh ‘ionchur le dobharshaothrú atá gabháil-bunaithe’ le breis agus 10 mbliana.

Tá cuid mhór ama caite agus iarrachta déanta ag Eurostat agus ag na Ballstáit chun an oiread figiúirí agus is féidir a chur ar fáil d’úsáideoirí sonraí, agus rúndacht staidrimh á cosaint agus an próiseas á choinneáil chomh héifeachtúil agus is féidir. Is léir go bhfuil gá le réiteach ar cheist na rúndachta. D’fhéadfadh sé go mbeadh réiteach ag brath ar an sainmhíniú ar chur chuige malartach chun rúndacht a chur chun cinn sna comhiomláin. Tá Eurostat ag oibriú go gníomhach chun an tsaincheist sin a réiteach agus bhunaigh sé sainghrúpa tiomnaithe ar ‘chairt rúndachta’ ina bhfuil ionadaithe ó thíortha tuairiscithe agus oifigigh ó Eurostat.

# 3 AN tUALACH AGUS AN CHOSTÉIFEACHTACHT

Rinne Eurostat measúnú ar chostéifeachtacht an bhailithe sonraí dobharshaothraithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 762/2008 trí úsáid a bhaint as na tuarascálacha cáilíochta le haghaidh 2021, mar aon leis an anailís chostais de réir an táirge staidrimh a dhéanann an Córas Staidrimh Eorpach gach bliain. Bhí an anailís chostais bunaithe ar chostais le haghaidh 2022, lenar cumhdaíodh bailiú sonraí dobharshaothraithe le haghaidh na bliana tagartha 2021. D’fhreagair 26 thír san iomlán an anailís chostais. I dtéarmaí airgeadaíochta, thart ar EUR 103 487 in aghaidh na bliana in aghaidh na tíre an meánchostas ar staidreamh dobharshaothraithe a tháirgeadh (lena n-áirítear bailiú sonraí). Léiríonn na costais thuairiscithe sna cleachtaí tuairiscithe roimhe seo agus sna cleachtaí tuairiscithe reatha araon laghdú 1 % i gcomparáid leis an meán sa bhliain tagartha 2019. Ós rud é gurbh é thart ar EUR 10 mbilliún luach dhobharshaothrú na hEorpa in 2020, thart ar 0,03 % a bhí i sciar na gcostas bailithe sonraí i luach eacnamaíoch iomlán na táirgeachta dobharshaothraithe.

Chuir 29 mBallstát de chuid an Aontais agus tíortha de chuid LEE tuarascálacha cáilíochta 2021 isteach. Tá reachtaíocht náisiúnta chomhfhreagrach ag an gcuid is mó acu lena gcumhdaítear an staidreamh a tiomsaíodh faoi Rialachán (CE) Uimh. 762/2008, agus níor thuairiscigh ach 3 thír go raibh difríocht idir na sainmhínithe a glacadh. Is féidir le tíortha tuairiscithe na sonraí a fháil ó fhoinsí éagsúla, ach bailíonn 26 thír na sonraí mar dhaonáireamh agus bailíonn 3 thír an tacar

sonraí ó fhoinsí riaracháin (úsáideann 8 dtír an dá chur chuige go comhuaineach). Tá 4 thír ann a chomhlánaíonn foinsí daonáirimh nó riaracháin le meastacháin ó shaineolaithe agus 2 thír a chomhlánaíonn foinsí daonáirimh nó riaracháin le suirbhéanna samplacha. Níor thuairiscigh aon cheann acu úsáid foinsí eile.

Thuairiscigh 19 dtír ar an iomlán ar ghnóthachain éifeachtúlachta. Bhí na gnóthachain éifeachtúlachta is mó nasctha le tuilleadh uathoibrithe (6 thír) agus le suirbhéanna ar líne (6 thír), agus leis an úsáid mhéadaithe a baineadh as sonraí riaracháin (5 thír). Laghdaíodh an t-ualach in 8 dtír. An iliomad úsáidí sonraí agus ceistneoirí níos so-úsáidte don úsáideoir na cineálacha beart laghdaithe ualaigh ba choitianta.

Is cosúil, de réir na dtuarascálacha cáilíochta, go mbailíonn níos mó ná trí cheathrú de na tíortha sonraí go díreach ó na saoráidí ar leibhéal an aonaid táirgeachta, agus go n-iarrann na tíortha eile ar bhainisteoirí cuideachta ceistneoirí a líonadh amach dá n-áiseanna go léir. Trí shonraí a bhailiú ar leibhéal na cuideachta, is fusa a bheidh sé tuairisciú faoi Rialachán (AE) 2017/1004. Rinneadh imscrúdú breise in 2022 ar an smaoineamh an dá rialachán a chumhdach le cleachtadh bailithe sonraí amháin chun an t-ualach foriomlán ar na Ballstáit a laghdú. Mar sin féin, mheas tíortha tuairiscithe go raibh sé úsáideach an dá chur chuige ar leith a choinneáil, ós rud é go bhfágann sonraí ón 'saoráid' gur féidir fís réigiúnach a bheith ann, fís a chailltear nuair a roghnaítear leibhéal comhiomlánaithe níos airde ar leibhéal 'na cuideachta'.

Mhol roinnt tíortha tuairiscithe feabhsuithe chun ualach Rialachán (CE) Uimh. 762/2008 a laghdú. Moladh dhá fheabhsú go háirithe: (i) feabhas a chur ar an gcomhordú le páirtithe leasmhara eile, amhail Ard-Stiúrthóireacht na nGnóthaí Muirí agus na hIascaireachta, go háirithe nósanna imeachta an Chreata um Bailiú Sonraí; agus (ii) feabhsuithe ar shioncrónú an sprioc-ama. Dúirt 16 thír go bhfuil straitéisí agus gníomhaíochtaí á gcur chun feidhme acu chun feabhas a chur ar cháilíocht an bhailithe sonraí, chun cur le cruinneas, nó chun an t-ualach ar na haonaid tuairiscithe a laghdú.

## 4 AN BEALACH CHUN CINN: STAIDREAMH IASCAIGH NA hEORPA A CHUÍCHÓIRIÚ AGUS A SHIMPLIÚ

In 2018 sheol Eurostat an tionscadal '*Streamlining and simplifying European fisheries statistics* [Staidreamh iascaigh na hEorpa a chuíchóiriú agus a shimpliú]'. Is éard atá sa tionscadal: (i) meastóireacht ar an staidreamh reatha maidir le dobharshaothrú, gabhálacha agus gabhálacha a thabhairt i dtír; agus (ii) measúnú tionchair ar roghanna beartais amach anseo agus ar reachtaíocht a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo. Cuireadh an mheastóireacht, inar cumhdaíodh feidhmiú Rialachán (CE) Uimh. 762/2008 maidir le dobharshaothrú freisin, i gcrích in 2019[11].

Seoladh an measúnú tionchair ar staidreamh iascaigh na hEorpa go luath in 2020 leis an méid seo a leanas: (i) grúpa idirsheirbhíse de chuid an Choimisiúin a eagrú a thacóidh le Eurostat ina chuid oibre; agus (ii) treochlár maidir le measúnú tionchair tosaigh a fhoilsiú le haghaidh aiseolais ón 21 Aibreán go dtí an 19 Bealtaine 2020.

Ba iad seo a leanas na roghanna a bhí á measúnú:

- Rogha 1: Cás bunlíne: Leanúint leis an mbeartas reatha;
- Rogha 2: Staidreamh Iascaigh na hEorpa a scor;
- Rogha 3: Creat dlíthiúil cuíchóirithe nua le haghaidh Staidreamh Iascaigh na hEorpa;
- Rogha 4: Bunús dlí nua le dobharshaothrú agus staidreamh iascaigh eile a thiomsú ó fhoinsí riaracháin ar leibhéal an Aontais.

[11] https://ec.europa.eu/eurostat/documents/64157/4375784/SWD 2019 425 F1 SWD EVALUATION EN V2 P1 1058634.pdf

Reáchtáladh comhairliúchán poiblí maidir le cuspóirí, roghanna féideartha, agus tionchair na roghanna ar ardán gréasáin 'Cloisimis uait' de chuid an Choimisiúin ón 20 Iúil go dtí an 23 Samhain 2020[12], agus reáchtáladh comhairliúchán comhthreomhar maidir le riachtanais sonraí shonracha le haghaidh iascach go dtí deireadh mhí Lúnasa 2020.

Bhailigh an mheastóireacht fianaise ó pháirtithe leasmhara Staidreamh Iascaigh na hEorpa, mar shampla trí cheardlann, cás-staidéir, agallaimh dhoimhne, ceistneoirí, agus gníomhaíochtaí comhairliúcháin eile. Rinneadh torthaí na gcomhairliúchán sin go léir a mheas sa tuarascáil ar an measúnú tionchair. Tá rannóga sa tuarascáil ar an measúnú tionchair a bhaineann le hábhair éagsúla, lena n-áirítear an méid seo a leanas: (i) sainmhíniú ar an bhfadhb; (ii) cuspóirí; (iii) roghanna; (iv) anailís agus comparáid a dhéanamh ar thionchair na roghanna; agus (v) faireachán agus meastóireacht. Fuarthas tuairim dhearfach sa mheasúnú tionchair ón mBord um Ghrinnscrúdú Rialála, comhlacht comhairleach neamhspleách laistigh den Choimisiún, agus cuireadh bailchríoch air i mí na Samhna 2021. Foilseofar é leis an togra reachtach nua, a bhfuil coinne leis in 2024.

I bhfianaise na meastóireachta, an mheasúnaithe tionchair, thorthaí na ngníomhaíochtaí comhairliúcháin, agus na bpléití leis na páirtithe leasmhara, is léir gurb í rogha 3 an rogha thosaíochta — creat dlíthiúil cuíchóirithe nua le haghaidh Staidreamh Iascaigh na hEorpa. Na príomhúsáideoirí sonraí (AS MARE, ECFE, Eagraíocht Bhia agus Talmhaíochta na Náisiún Aontaithe, CITM, agus roinnt eagraíochtaí réigiúnacha bainistithe iascaigh) agus tromlach mór d'ionadaithe na n-údarás staidrimh náisiúnta atá freagrach as staidreamh iascaigh, tacaíonn siad leis an rogha sin.

Ba í Rogha 3 an rogha thosaíochta sa chomhairliúchán poiblí freisin. Údaráis réigiúnacha, údaráis náisiúnta, údaráis idirnáisiúnta agus eagraíochtaí neamhrialtasacha a thacaigh le rogha 3. Le Rogha 3, fuarthas na tionchair is dearfaí le gach grúpa páirtithe leasmhara. Ina theannta sin, níor shainaithin ach líon an-bheag freagróirí tionchair dhiúltacha le rogha 3.

Tá an creat dlíthiúil nua atá beartaithe le haghaidh Staidreamh Iascaigh na hEorpa á dhréachtú ag an gCoimisiún faoi láthair i ndlúthchomhar leis na húsáideoirí sonraí agus leis na soláthraithe sonraí náisiúnta. Tá sé beartaithe ag an gCoimisiún an togra dlíthiúil a ghlacadh in 2024.

Tá neamhéifeachtúlachtaí fós ann agus sonraí á gcur in iúl d'eagraíochtaí eile nó d'úinéirí sonraí eile de chuid an Choimisiúin Eorpaigh (is é sin, iad siúd de chuid Eagraíocht Bhia agus Talmhaíochta na Náisiún Aontaithe agus na sonraí sin a bhailítear faoi Rialachán (AE) Uimh. 2017/1004 lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 199/2008). An Rialachán nua maidir le Staidreamh Iascaigh na hEorpa, atá beartaithe anois faoin ainm 'Staidreamh Iascaigh agus Dobharshaothraithe na hEorpa', d'fhéadfadh sé a bheith ina dheis na formáidí agus na sprioc-amanna a choigeartú ionas go bhféadfaí sonraí bailithe a aistriú ar bhealach níos rianúla agus níos ilúsáidí.

I gcomhréir leis an teachtaireacht ón gCoimisiún '*Towards a Strong and Sustainable EU Algae Sector* [I dtreo earnáil láidir inbhuanaithe algaí san Aontas]' (COM/2022/592)[13], d'eisigh an tAirmheán Comhpháirteach Taighde an tuarascáil *Biomass production, supply, uses and flows in the EU*[14] [Táirgeadh, soláthar, úsáidí agus sreabha bithmhaise san Aontas Eorpach] maidir le sonraí ar dhobharshaothrú algaí. Moltar an méid seo a leanas sa tuarascáil ón Airmheán Comhpháirteach Taighde: (i) measúnú agus comparáid a dhéanamh idir sonraí Eurostat maidir le dobharshaothrú algaí agus córais idirnáisiúnta rathúla eile (e.g. córais na Sile); agus (ii) cláir oiliúna a chur chun feidhme do bhainteoirí, do tháirgeoirí agus do phearsanra a dhéanann na sonraí sin a thaifeadadh agus a phróiseáil, agus ar an gcaoi sin, sainaithint cheart na speiceas a

[12] https://ec.europa.eu/info/law/better-regulation/have-your-say/initiatives/12344-European-fishery-statistics/public-consultation.

[13] https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/ALL/?uri=COM:2022:592:FIN.

[14] https://publications.jrc.ec.europa.eu/repository/handle/JRC132358.

áirithiú. Ina theannta sin, tugtar aird sa tuarascáil ar an ngá atá le córais náisiúnta a ailíniú ar fud na hEorpa chun comhchuibhiú a áirithiú (e.g. aonaid tomhais, aicmithe speiceas a úsáidtear, amanna, suíomhanna), lena n-áirítear córas soláimhsithe a fhorbairt chun cainníocht na feamainne a tháirgtear trí bhuaint nó trí dhobharshaothrú a thaifeadadh go héasca.

## 5 CONCLÚIDÍ

Is tacar sonraí cobhsaí é staidreamh dobharshaothraithe foilsithe ina mbíonn na céadta íoslódálacha sonraí gach mí.

Mar sin féin, léirigh na gníomhaíochtaí comhairliúcháin a rinneadh mar chuid den mheastóireacht agus den mheasúnú tionchair a rinneadh le déanaí ar staidreamh iascaigh na hEorpa go bhfuil go leor úsáideoirí míshásta leis an staidreamh dobharshaothraithe. Is dócha go mbaineann sé sin leis an líon mór luachanna rúnda sa tacar sonraí, rud a fhágann go bhfuil sé níos deacra é a úsáid. Tá cealla rúnda nasctha leis an miondealú mionsonraithe ar na ceanglais sonraí a leagtar síos i Rialachán (CE) Uimh. 762/2008 agus le struchtúr speisialaithe agus comhchruinnithe na hearnála dobharshaothraithe.

Tá gá le feabhsuithe freisin chun cinneadh a dhéanamh maidir le cur chuige inmharthana chun cur síos a dhéanamh ar struchtúr na hearnála dobharshaothraithe le sonraí inchomparáide (féach Caibidil 2.2.2).

Cuireadh i dtábhacht an gá atá le tacaíocht a thabhairt d’earnáil láidir inbhuanaithe algaí san Eoraip.

Níl fadhbanna fós ach ag roinnt tíortha tuairiscithe maidir le tráthúlacht agus poncúlacht an bhailithe sonraí agus an tseachadta sonraí. Chuidigh treoirlínte bailithe sonraí Eurostat agus straitéisí eile cur chun feidhme le bailiú sonraí dobharshaothraithe a dhéanamh níos comhsheasmhaí.

I roinnt tíortha, laghdaíodh an t-ualach a bhaineann le sonraí a bhailiú le blianta beaga anuas. Ina theannta sin, tugadh faoi deara gnóthachain éifeachtúlachta intomhaiste. Sciar na gcostas bailithe sonraí i luach eacnamaíoch iomlán na táirgeachta dobharshaothraithe, thart ar 0,03 % a bhí ann nó, i bhfocail eile, bhí sé sách íseal.